

MAC FHEARRAIGH

?

✓155



AN ARD CHUIRT

1982 Uimh. 623 S.S.

IN REAR AN ACHT UM DHÍPHOSTÚ ÉAGÓRACH, 1977  
AGUS IN ÁBHAR PÁDRAIG MAC FHEARRAIGH .V. AN COMHAIRLE OILIUNA  
AGUS IN ÁBHAR PÁDRAIG MAC FHEARRAIGH .V. MUIRIS MAC GAMHNA  
CATHAOIRLEACH AN BHÍNSE ACHOMHAIRC POSTAÍOCHTA

IDIR

AN STÁT (AR IONCHUITSÉAMH PHÁDRAIG MAC FHEARRAIGH)

IARRATASÓIR

AGUS

MUIRIS MAC GAMHNA, CATHAOIRLEACH AN BHÍNSE ACHOMHAIRC  
POSTAÍOCHTA

AGUS DO RÉIR ORDÚ

SÉAN Ó CEARBHAILL  
MICHAEL Ó HEINNEAGÁIN

FREAGRÓIRÍ

Breithiúnas a thug an Breitheamh Ruairí B. O hAnluain, an céad la  
de Mheitheamh, 1983.

Éilíonn an tiarratasóir, Pádraig Mac Fhearraigh, gur briseadh  
go héagórach as a phost é, mar Theagascóir Siúinéireachta in Ionad  
Tréanála AnCO i nGaith Dobhair, Co. Dhún na nGall, agus  
thionscnaigh sé imeachta os comhair an Bhínse Achomhairc  
Postaíochta chun faoiseamh do lorg in aghaidh na bhfostóirí  
réamh-luaite.

-2-

Nuair a tháinig an chúis chun cinn ar an 12ú lá de Mhí an Iúil, 1982, b'iad na baill den Bhínse abhí ag feidhmiú an lá san ná tUasal Muiris Mac Gannáin mar Chathaoirleach, agus an tUasal Séan Ó Cearbhaill agus an tUasal Mícheál Ó hEinneagáin mar ghnáth-bhaill, agus is iad atá ainmnithe mar Phreagróiri ins na himeachta so os comhair na hArd-Chúirte.

Ba mhian leis an Iarratasóir go bpléifí an chúis os comhair an Bhínse Achomhairc Fostaíochta as Gaeilge chomh fada agus dob' fhéidir ach do chuir Ionadaí Dlí an Chomhairle Oiliúna in iúl don Bhínse gur as Béarla a thabharfadh cuid de fhinnéithe na bhfostóiri a gcuid fianaise.

Do tharla, dá réir sin, gur éirigh ceist teanga na héisteachta i dtús báire idir an Gearánaí agus na Cosantóirí, agus go mb'éigean don Bhínse breith do thabhairt ar an réamhcheis seo a bhain le nós imeachta. Cuireadh in iúl don dá thaobh go rabh sé de cheart acu araon a rogha féin do dhéanamh maidir leis an teanga ina gcuirfidís a dtaobh féin den chúis fé bhráid an Bhínse. Socraíodh go dtabarfaí fianaise tré Ghaeilge i gcás cuid de na finnéithe, agus as Béarla i gcás finnéithe eile.

-3-

san cnámh spairne amháin idir na páirtithe. Ba mhian leis an Iarratasóir go ndéanfaí finnéithe na bhFostóirí do chroscheistiú tré Ghaeilge, agus bhí cuid de fhinnéithe na bhFostóirí nach rabh toilteanach go ndéanfaí amhlaidh.

Rinne an Bínse rialú mar leanas i dtaca leis an gcuid sin den chonspóid:-

" 'Sé barúil an Bhínse nach cóir sa chás seo an croscheistiú a cheadú. Tuigeann an tÉilitheoir, tuigeann an tAturnae, agus tuigeann an tAbhcóid an Béarla chomh maith le na dtuigeann siad an Ghaeilge. Is féidir go maith dóibh finnéithe an fhreagróra a cheistiú tré Bhéarla agus na freagraí a thuiscint go cruinn. Ar a shon san, níor cóir ná níor cuí ar an Bhínse am a chaitheamh le haistriúchán nach gá".

Mar aguisín don rialú san, dúirt Cathaoirleach an Bhínse - "Má's féidir do aturnae an fhreagróra an tÉilitheoir a chroscheistiú tré Ghaeilge, ní leigfear dó é a chroscheistiú tré Bhéarla, ach muna dtuigeann sé an Ghaeilge, nó muna dtuigeann an Freagróir nó finnéithe an fhreagróra an fhianaise a thabharfar ag an Éilitheoir tré Ghaeilge,

-4-

féadfaí an fhianaise a aistriú ag an gCathaoirleach nó má's gá, Fear teangan speisialta".

Chuir an tIarratasoir in iúl don Bhínse go mba mhian leis breith na hArd-Chúirte do lorg maidir leis an ordú san abhí déanta ag an mBínse, agus cuireadh an éisteacht ar ath-ló chun caoi a thabhairt dó an beart san a chur i ngníomh.

Ar an 9ú lá de Mhí na Nollag, 1982, deonadh Ordú Coinníollach Mandamus i bhfabhar an Iarratasóra san Ard-Chúirt, ag treorú do Chathaoirleach an Bhínse Achomhairc Postaíochta leanúint ar aghaidh leis na himeachta réamh-luaite idir an Iarratasóir agus an Comhairle Oiliúna, agus cead a thabhairt don Iarratasóir croscheistíu a dhéanamh tré Ghaeilge dá mba mhian leis sin do dhéanamh, muna suíffí cúis ina choinne sin laistigh den tréimhse a luadh in Ordú na Cúirte.

Suíodh cúis thar cheann an Bhínse Achomhairc Postaíochta tré mhionnscribhinn a rinne Eilís Sairséal, Stát-Feirbhíseach abhí ag feidhmiú mar Rúnaí don Bhínse nuair abhí cás an Iarratasóra dá phlé os a chomhair. Ise a ghlac an nóta a tugadh cheana den mhéid a dúirt Cathaoirleach an Bhínse nuair

-5-

abhí an tábhar conspóide dá phlé os comhair an Bhínse, agus dúirt sí gur dhein an Cathaoirleach tagairt do chúis eile sa Phríomh-Chúirt Coiriúil, i Mí Aibreán, 1978, (Stiurthóir Ionchúiseamh Poiblí .v. Seán MacBain), nuair a dhiúltaigh an *ROH.* Breitheamh de Búitléar cead a thabhairt do abhcóid an Chosantóra finnéithe a chroscheistiu tré Ghaeilge nuair ba léir go rabh lan-eolas ar an mBéarla ag an Cosantóir.

Le linn na héisteachta os mo chomhair ar iarratas an Iarratasóra go ndéanfaí an tOrdú Coinniollach iomlán, d'ainneoi na cúise a shuíodh ina choinne, deineadh tagairt do chúiseanna eile inar pléadh an nós imeachta maidir le húsaid na Gaeilge in imeachta dlí. Seo leanas cuid des na húdaráis is tábhachtaí a bhaineann leis an abhar:-

R. (Ó Coileáin) .v. Crotty, 61 ILTR 81;

Ó Foghludha .v. McClean (1934) IR 469;

A.G. .v. Coyne & Wallace, 101 ILTR 17;

A.G. .v. Joyce & Walsh, (1929) IR 526;

O Monacháin .v. Rialtas na hÉireann, (An Chúirt Uachtarach, 16.7.1982).

Fé mar is léir ón mhéid a dúradh nuair á thabhairt ins na cásanna san, tá dhá phrincipeist nuair a éilítear go mbainfí feidhm as an mBéarla mar theanga na cúise i gcúir. Ar an gcéad dul síos, tá sé de dhualgas - do réir an Dlí Choitinn - ní hamháin ar na ghách bhíne go bhfuil dlínse aige plé le cearta maoiné, cothrom na Féinne a thabhairt. Dá réir sin, má tharlaíonn nach dtuigeann páirtithe an teanga a úsáidtear le linn na fuláir aistriúcháin do chur ar fail dó, le Chítear an prionsabal san da chur i ngníomh Eorpach Um Chearta Daonna - féach Alt 6(3) coiriúla:

"3. Everyone charged with a criminal

following minimum rights:

(a) to be informed promptly, in a language which he understands and in detail, of the nature and cause of the accusation against him;

.....

(e) to have the free assistance of an interpreter if he cannot understand or speak the language used in Court".

Sáraíodh an bun-phrionsabal san sa chás, The State (Buchan) .v. Coyne, 70 ILTR 185, nuair thug finné amháin a chuid fianaise i gcais coiriúilias Gaeilge nuair nach rabh eolas ar an nGaeilge ag an gCosantóir nó ag a Aturnae, ach d'ainneoin sin, do dhiúltaigh an Breitheamh Duiche ateangaire do chur ar fáil, agus thug a bhreithiúnas féin as Gaeilge i ndeireadh báire, ag gearradh téarma príosuntachta ar an gCosantóir. Neamhniódh an tOrdú san níos déannaí, ar iarratas an Chosantóra, gan agoíid ar bith ó thaobh an Stáit.

Tá prionsabal dlí eile, áfach, a éiríonn de bharr forálacha an Bhunreachtá, agus a d'éirigh ar an gcuma chéanna do réir forálacha Bunreacht Shaoirstáit Éireann, bíodh is nach ionann na focla a úsáidtear san dá ionstraim.

Seo leanas an dá Airtíogal atá i gceist:-

Bunreacht Shaoirstáit Éireann - Airtíogal 4.

"Sí an Ghaedhilg teanga Náisiúnta Shaoirstáit Éireann, ach

có-aithneofar an Béarla mar theanga oifis éinní san Airtíogal so ar an Oireachtas do dhéanamh do cheanntair nó do liomatais teanga amháin in ngnáth úsáid ionta".

Bunreacht na hÉireann - Airteagal 8.

"1. Os í an Ghaedhilg an teanga náisiúr phrímh-theanga oifigeamhail í.

2. Glactar leis an Sacra-Bhéarla mar oifigeamhail eile.

3. Ach féadfar socrú do dhéanamh le ceachtar den dá theangain sin do haon-teangain le hadhaidh aon ghloine oifigeamhla ar fuaid an Stáit a chuid de".

Tabharfar fé ndeara go mbronntar ardú ci i mBunreacht na hÉireann, thar mar abhí nó luaitear don chéad uair í mar "phrímh Ag an am gcéanna is leithne an rogha a tús caidhne a thabhairt do theanga amhá



do réir dlí sa mhéid a bhaineann le cúrsaí oifigiúil ar bith den tír. Go dtí go mbaineann an tOireacht as an gcomhacht san a bhronntar air fé fhorálacha Bhunreachta ní fuláir glacadh leis i gcónaí gurb' Ghaeilge an phrímh-theanga oifigiúil, agus go bhféadfaidh phribhléid ag an saoránach éileamh go mbainfí feidhmeanna nuair a bhíonn gnóthaí oifigiúla le riaradh san Éire.

Bhí an méid seo leanas le rá ag an bPríomh-  
Sreabhar:

Ó Cinneide i gcás, A.G. v. Joyce & Walsh, (1929)

"It would seem to me to be a requisite of a witness, particularly in a criminal trial, that a witness should be allowed to give evidence in the language of his or her vernacular language, whether that language be English, or any foreign language, and it would seem that if the language should not be a language understood by members of the Court, that means of interpretation of the language to the Court (Judge and jury) in a case of evidence against a prisoner, that the Court should be interpreting it to the prisoner, should it be necessary."

"The Irish language, however, is not merely the vernacular language of most, if not all of the witnesses in question in the present case, but it holds a special position by virtue of the Constitution of the Saorstát by which its status is recognised and established as the national language of the Saorstát, from which it follows that whether it be the vernacular language of a particular citizen or not, if he is competent to use the language, he is entitled to do so. Therefore it may be said that all those who gave their evidence in the Irish language in the present case had, as it were, a double right to do so; first on general principles of natural justice as their vernacular language, and secondly, as a matter of constitutional right".

I gcás Ó Foghludha .v. McClean (1934) 469, dúirt an Príomh-Bhreitheamh Ó Cinnéide (agus é ag tagairt go fóill do fhorálacha Bhunreacht an tSaorstáit) -

"The declaration by the Constitution that the National language of the Saorstát is the Irish language does not

mean that the Irish language is, or was at that historical moment, universally spoken by the people of the Saorstát, which would be untrue in fact, but it did mean that it is the historic, distinctive speech of the Irish people, that it is to rank as such in the nation, and by implication that the State is bound to do everything within its sphere of action (as for instance in State-provided education) to establish and maintain it in its status as the national language, and to recognise it for all official purposes as the national language. There is no doubt in my mind but that the term "national" in the Article is wider than, but includes, "official", in which respect only the English language is accorded constitutional equality. None of the organs of the State, legislative, executive or judicial, may derogate from the pre-eminent status of the Irish language as the national language of the State without offending against the constitutional provisions of Article 4".

Dar liom, is treise an dualgas at  
ar bhínsí a phléann le cearta pearsan  
fé Bhunreacht na hÉireann, an tús céim  
Gaeilge a luaitear i mbreithiúnas an  
Cinnéide, thar mar abhí orthu fé fhor  
Bhunreacht.

Seo leanas na prionsabail a bha  
Bhunreacht, agus as an mhéid a dúra  
os comhair na gcúirteanna go dtí se  
Gaeilge i gcúrsaí dlí:-

1. Nuair a bhíonn cúis le plé o  
nó os comhair aon bhínse go t  
reir dlí, ordaithe a dhéanamh  
chearta phearsanta nó ar chea  
a thagann os a chomhair, tá s  
a thagann os comhair na cúir  
a thaobh féin den chás do pi  
leis, agus fianaise tré gha  
cúirte nó an bhínse. Má th

-13-

sách maith ag an bpairtí eile an méid sin do thuiscint, dlitear ateangaire do cheapadh d'Ihonn aistriúcháin a dhéanamh ar an mhéid a deirtear, nó scríobhtar as Gaeilge.

2. Níl feidhm ag an gcúirt, nó ag an mbíne fiafraí an bhfuil eolas ar an mBearla ag an t-é gur mian leis úsáid a bhaint as an nGaeilge - tá ceart aige fén mBunreacht rogha a dhéanamh den phríomh-theanga oifigiúil má's áil leis, go dtí go leagtar síos a mhalairt do réir dlí i leith gnótha nó gnóthaí oifigiúla áirithe ar fuaid an Stáit nó in aon chuid de. Fágann san go bhfuil an ceart céanna ag an t-é go bhfuil an Béarla go líofa aige, agus atá ag an t-é a rugadh agus a tógadh san nGaeltacht agus nach bhfuil eolas ar bith aige, nó nach bhfuil ach eolas neamh-chruinn aige, ar an mBearla. Go minic, tharlódh go gcuirfí moill ar imeachta na cúirte nó an bhíne má eilítear go mbeánfaí an chúis nó cuid di do phlé tre mheán na Gaeilge, agus chuirfeadh seo le costas na nimeachta má's gá ateangaire do cheapadh, ach ní fuláir

-14-

cur suas leis na fadhbanna san d'fhonn beart do dheanamh do réir an Bhunreachta. Cead ag an Oireachtas a mhalairt de shocrú a dhéanamh do réir dlí, má's áil leis sin do dhéanamh, i dtaca le gnóthaí oifigiúla ar bith ar fuaid an Stáit nó in aon chuid de.

3. Aon uair gur mian le páirtí ar bith a thaobh feín den scéal do bhrú ar an gcúirt nó ar an bhinse, pé'cu tré aighneacht, tré fianaise do thabhairt, tré finnēithe do cheistiú nó do chros-cheistiu, táim den bharúil go bhfuil sé de cheart aige féin Bhunrecht an tionlán do dhéanamh tré mheán na Gaeilge, má's toil leis.

Fágann san gurb' i breith na Cúirte sa chás so, go rabh dul amú ar an Bhínse Achomhairc Postaíochta nuair dhiúltafodar cead do abhcóid an Iarratasóra finnēithe na bhFreagróirí do chroscheistiu as Gaeilge. Do chinfinn, ar an gcuma chéanna, go rabh dul amú ó thaobh an dlí dhe, ar an mBínse nuair shocraíodar nach gceadófaí do aturnae an Fhreagróra an tEilitheoir a chroscheistiu as Béarla dá mbéadh ar a chumas é dhéanamh tré mheán na Gaeilge. Bhí an ceart céanna ag na

Freagróirí rogha a dhéanamh den Bhearla, dá mb'áil leo, i ngach a bhain len a gcás-súd do chur fe' bhraíd an Bhínse agus ní rabh ábharthacht ar bith ag baint leis an méid eolais abhí ag na Freagróirí nó ag a nionadaithe dlí ar an nGaeilge sa chás san.

Cinnim, dá réir sin, gur cóir an tOrdu Coinníollach a dhéanamh iomlán agus Ordu Mandamus a dheonadh i bhfabhar an Iarratasóra ag ceangal ar na Freagróirí leanúint ar aghaidh leis na himeachta a tionscnaíodh idir an Iarratasóir agus An Comhairle Oiliúna, agus cead a thabhairt don Iarratasóir, nó dá ionadaithe dlí, croscheistiú a dhéanamh tré Ghaeilge ar fhinne ar bith a ghlaoitear thar cheann na bhFostóirí, má's mian leis go ndéanfar amhlaidh.

*Ruairí S. Ó hAnluain*

Ruairí S. Ó hAnluain.  
1 Meitheamh, 1983.

-16-

Nóta

Thar Cheann an Iarratasóra - Séamus Ó Tuathail, Abhcóide Sóisir (Faoi theagasc Choilm Mhic Aodháin, Aturnae).

Thar Cheann na bhFreagróirí - Aindrias Ó Cuív, Abhcóide Sóisir (Faoi theagasc an Phríomh-Aturnae Stáit)

Údaráis a luadh:-

R. (Ó Coileáin) .v. Crotty, 61 ILTR 81;

Ó Foghludha .v. McClean (1934) IR 469

A.G. .v. Coyne & Wallace, 101 ILTR;

A.G. .v. Joyce & Walsh, (1929) IR 526;

Ó Monacháin .v. Rialtas na hÉireann (An Chúirt Uachtarach) 16.7.1982;

Short & Mellor, Crown Proceedings, 1. 199

O'Connor, Justice of the Peace, 1. 360.